CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHLÁRLANN

Lucsamburg, 27/03/25

Nioclás Pól Caileán de Ghloucester

A dhuine uasail,

Mar fhreagra ar do r-phost, is oth leis an gClárlann a chur in iúl duit nach féidir leis an gCúirt gníomhú ar d'iarratas.

Cinntíonn an Chúirt Bhreithiúnais go ndéantar an dlí a urramú agus na Conarthaí á léiriú agus á gcur i bhfeidhm. Ní thagann léirmhíniú agus cur i bhfeidhm fhorálacha dhlí náisiúnta na mBallstát faoina hinniúlacht. Ní dlínse níos airde í an Chúirt ná na cúirteanna náisiúnta ach oiread agus ní féidir léi a gcinntí a chur ar neamhní nó a athrú. Ina theannta sin, ní féidir léi gearáin a ghlacadh a bhaineann le sárú an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine ag údaráis na stát sínithe; ní hionann í agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (féach suíomh an dara ceann: www.echr.coe.int.).

Tagann díospóidí leis na Ballstáit nó lena n-údaráis, chomh maith le díospóidí idir páirtithe príobháideacha, faoi dhlínse eisiach cúirteanna náisiúnta. Tá feidhm aige sin fiú más saincheisteanna iad atá dírithe ar dhlí an Aontais. Féadfaidh cúirt de Bhallstát, má mheasann sí gur gá sin, ceisteanna a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú maidir le bailíocht nó léirmhíniú dhlí an Aontais, ach ní féidir leis na páirtithe amhlaidh ceisteanna den sórt sin a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

Ní féidir le páirtithe príobháideacha caingean a thionscnamh in aghaidh institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh ach amháin os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, agus ní os comhair na Cúirte Breithiúnais. In imeachtaí den sórt sin, beidh ionadaíocht dlíodóra atá cláraithe le barra de cheann de na Ballstáit éigeantach.

Mar sin, ní cosúil gur féidir imeachtaí a thionscnamh i ndáil le do r-phost. Tá sé mar rogha agat, áfach, dul i gcomhairle le dlíodóir.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi dhlínse agus obair na Cúirte, téigh chuig suíomh gréasáin na Cúirte ag: www.curia.europa.eu.

Cláraitheoir na Cúirte

*Próiseálann na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais sonraí pearsanta, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 (IO 2018, L 295, lch. 39). Déanfaidh Clárlann na Cúirte do chuid sonraí a phróiseáil (ECJ.Registry@curia.europa.eu) d'fhonn freagra a thabhairt ar d'iarratas. Coinneofar cóip den fhreagra sin sa clárlann ar feadh dhá bhliain. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh chuig suíomh gréasáin na Cúirte (https://curia.europa.eu/jcms/jcms/a1_1095708/fr/)*


| | | |
|---|---|---|
| Teileafón | : (352) 43031 | **Cuir an comhfhreagras uile chuig an seoladh seo:** |
| Facs | : (352) 433766 | **Cour de justice de l'Union européenne** |
| Ríomhphost | : ecj.registry@curia.europa.eu | **Greffe** |
| Seoladh Idirlín | : http://www.curia.europa.eu | **L - 2925 LUXEMBOURG** |